View in browser

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

14 Aibreán 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 93






## SEISIÚN EOLAIS: LEANAÍ AG TOSÚ AG ITHE

Tá seisiún eolais agus comhairleoireachta maidir le gasúir ag tosú ag ithe á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar an gCéadaoin 20ú Aibreán @ 10r.n. Beidh an seisiún ar siúl in Ionad Splanc na Ceathrún Rua. Beidh áisitheoir i láthair le comhairle a thabhairt ar bheathú leanaí, ag díriú ar ghasúir ceithre mhí d'aois nó os a chionn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don imeacht ach teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie Níl táille le híoc le freastal ar an ócáid. Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrfar cloí le seo.



## CAIFÉ COLALA

Osclaíodh ***Caifé CoLaLa*** ar phríomhshráid an Spidéil le gairid. Bialann Áiseach a bhíodh ann roimhe seo, ach is caifé atá ann anois, áit gur féidir bricfeasta, lón agus dinnéar a fháil ó 8:30-3:i.n. chuile lá. Is féidir seirbhís i nGaeilge a fháil ann, chomh maith le bia den scoth. Cuirfear an-fháilte roimh phobal Chois Fharraige chuig an gcaifé nua le triail a bhaint as.

## FÉILE NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA

Is i Seanscoil Sailearna a bheas an **Fhéile Náisiúnta Drámaíochta** ar bun, ag tosú ar an Aoine 22 Aibreán. Léireofar dhá dhráma ar an Aoine agus dhá dhráma ar an Satharn mar chuid den Fhéile. Ar an Satharn ag 2i.n. beidh Éigse na Féile ar bun idir Scéalaíocht agus Agallaimh Beirte. Ina dhiaidh sin taispeánfar físeán a tógadh den dráma AN MHÉAR FHADA le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, ar an scáileán mór sa Seanscoil. Is féidir eolas breise faoin bhFéile a fháil ach ríomhphost a chur chuig eolas@drama-gaeilge.com nó glaoch a chur ar 087 23245036




## LEABHAR DATHÚCHÁIN NA CÁSCA

Tá leabhar dathúcháin dátheangach na Cásca foilsithe ag **Teanga Tí** atá feiliúnach do ghasúir le Gaeilge, agus gasúir le Úcráinis! Cuireadh an leabhar in eagar le fáilte a chur roimh mhuintir na hÚcráine, agus tugann an leabhar blas deas den Ghaeilge agus den Úcráinis ar bhealach taitneamhach agus spraíúil. Is féidir cóip den leabhar a fháil anseo.

## FOLÚNTAS LE TG4

Tá post mar Eagarthóir Sheinnteoir á fhógairt ag TG4 faoi láthair. Soláthraíonn seirbhís idirlín TG4 cláracha Gaeilge ar fud na cruinne ar Aipeanna Sheinnteoir TG4, ar Sheinnteoir Cúla4, trí www.tg4.ie, www.cula4.com agus ar Aipeanna amhail 'Sky', 'Eir' agus 'Saorview'. Ag freagairt don Bhainisteoir Idirlín, beidh an tEagarthóir ag cur bailiúcháin le chéile, ag leagan amach ábhar ar Sheinnteoir TG4 agus ag díriú aird an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain ar ábhar TG4 ar an seinnteoir. Duine le scileanna agus taithí margaíochta agus teicneolaíochta atá ag teastáil. Ba cheart go mbeadh taithí ar léirshamhlú agus ar dhearadh maith idirlín ag an iarrthóir. Is féidir cóip de do CV chomh maith le litir iarratais a sheoladh chuig cv@tg4.ie le cur isteach ar an bpost nó is féidir breis eolais a fháil anseo.


## SEOLADH ALBAIM AG STIÚIDEO CUAN

Seolfaidh Johnny Óg Connolly an t-albam nua ***'Within a Mile of Kilty 2'*** i Stiúideo Cuan ar an Déardaoin 21 Aibreán. Cuirfear tús leis an ócáid @ 7i.n. le ceiliúradh a dhéanamh ar an mbailiúchán ceoil nua ó Chló Iar-Chonnacht. Tá ceol ó Charlie Lennon, Brian Rooney agus John Gordon le cloisteáil ar an dlúthdhiosca, chomh maith le scoth na gceoltóirí eile.

## ÉABHA AR FHOIREANN RUGBAÍ NA HÉIREANN

Comhghairdeachas ó chroí le Éabha Nic Dhonnacha as Ros a' Mhíl a bhain áit amach ar fhoireann rugbaí na hÉireann faoi 18 le gairid. Ba í Éabha a bhí ina captaen ar an bhfoireann. Cé go raibh an bua ag foireann na Breataine sa

gcluiche is deireanaí a bhí ag an bhfoireann, ba mhór an t-ábhar bróid agus onóra í Éabha agus an fhoireann uilig agus a ndícheall déanta acu. Treise libh, a chailíní!




## 'PLUID' - CAINT AGUS COMHRÁ LEIS AN ÚDAR

Beidh caint agus comhrá le Eoghan Mac Cormaic a scríobh an leabhar '**Pluid**' i dTigh Mholly ar an 6ú Bealtaine @ 9i.n. Club Leabhar Chois Fharraige atá á reáchtáil agus pléifear agóid na Pluide sna Blocanna H agus Príosún Ard Mhacha 1976-81, mar atá léirithe sa leabhar ar an oíche. Beidh seisiún ceoil le Johnny Óg Connolly, Ruairí Mac Con Iomaire, an damhsóir Seosamh Ó Neachtain agus cairde ar bun ina dhiaidh. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le clubleabharcf@gmail.com

## ÉISTEACHTAÍ AG ROS NA RÚN

Beidh éisteachtaí á reáchtáil ag **Ros na Rún** go luath! Tá roinnt aisteoirí nua ag teastáil sula bhfilleann an sobalchlár do shéasúr 27. Tá meascán de rólanna éagsúla i gceist, idir fhir agus mná atá os cionn 18 mbliana d'aois. Beidh éisteachtaí ar siúl i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí, i nDún na nGall, chomh maith le héisteachtaí áitiúla sa Spidéal. Má tá suim agat ann is féidir teagmháil a dhéanamh le Ros na Rún anseo nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig info@rosnarun.com




Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite